AN CHAOI A gCABHRAÍONN DÉANAMH CEOIL LE FORBAIRT INTLEACHTÚIL, SHÓISIALTA AGUS PHEARSANTA AN DUINE

Scileanna éisteachta
Ní beag an fhianaise atá ann go bhfuil gnáthscileanna éisteachta níos fearr ag páistí a bhfuil oiliúint cheoil faighte acu seachas iad siúd nach bhfuair í.[1] Tá dlúthnasc idir scileanna éisteachta agus an cumas caint a dhéanamh amach nuair atá cúlra callánach ann, idirdhealú a dhéanamh idir fuaimeanna, aird a thabhairt mar aon le fuaimeanna a choinneáil sa chuimhne.

Próiseáil teanga
Tá na scileanna a bhíonn in úsáid le próiseáil teanga cosúil leo sin atá de dhíth chun rithim, comhcheol agus fonn a aireachtáil. Tá sé léirithe i staidéir[2] go bhfuil páistí a bhfuil taithí acu le ceol in ann idirdhealuithe níos láidre a dhéanamh idir siollaí cainte i gcomparáid leis na bpáistí sin nach bhfuil aon taithí ceoil acu.

Forbairt scileanna litearthachta
Tá taighde déanta a thugann le fios go dtagann feabhas nach beag ar pháistí a bhfuil deacrachtaí léitheoireachta acu tar éis dóibh gabháil le ceol. Rinneadh staidéar ar 15 pháiste[3] a bhí aitheanta ag a scoil féin a bheith ina 'léitheoirí laga' agus fuarthas amach gur tháinig feabhas suntasach orthu i réimse léitheoireachta na tuisceana agus an chruinnis chomh maith leis an ráta léitheoireachta tar éis dóibh taithí a fháil ar cheol rithimeach.

Cuimhne éisteachta agus súl
Tá an chosúlacht air gur suntasach an difear idir cumais páistí a bhfuil oiliúint cheoil acu ó thaobh foghlaim bhriathartha agus coinneáil eolais seachas iad siúd nach bhfuil oiliúint cheoil acu. Rinneadh taighde chun fiosrúchán a dhéanamh ar an tionchar a bhí ag oiliúint in uirlisí ceoil i suíomh grúpa ar chuimhne fheidhmiúil páistí agus fuarthas amach go raibh méadú níos mó ag an ngrúpa ceoil i ngach tomhas atá ann don chuimhne bhriathartha i gcomparáid leis an ngrúpa eolaíochta agus an grúpa rialaithe.[4]

Réasúnú spásúil
Tá fianaise láidir agus iontaofa ann[5] go dtagann feabhas as cuimse ar an réasúnaíocht spásúil nuair a ghabhann an duine go gníomhach le ceol – is iad sin na cumais a bhíonn bunriachtanach i réimsí na hinnealtóireachta, na hailtireachta agus an deartha.

Réasúnú teibí
Tá staidéir déanta inar léiríodh go dtagann feabhas suntasach ar scileanna réasúnaíochta téibí na bpáistí agus na ndaoine óga sin a ghlac páirt i dteagasc ceoil. Tá patrúin scaoilte néaraigh aitheanta ag taighdeoirí a thugann le fios go bhfuil ról lárnach ag an gceol o thaobh feidhmiúlacht na hinchinne a threisiú.[6]

Feidhmiú feidhmiúcháin
Is é atá i gceist le feidhmeanna feidhmiúcháin rialú coinsiasach ar ghníomhartha, smaointe, mothúcháin chomh maith le cumais ghinearálta cosúil le pleanáil agus réiteach fadhbanna. Is iomaí scil a bhaineann le feidhmiú feidhmiúcháin a bhíonn i gceist le huirlis ceoil a chasadh, go mór mór le daoine eile, agus áirítear leo sin d'aird a choinneáil ar feadh tréimhsí fada agus iompar spriocdhírithe.

Spreagadh agus féinmheas
Cuireann an ceol le féin-éifeachtúlacht, féinmheas, feabhsuithe i ngiúmar, níos lú feirge agus iompar níos fearr. I gcás na ndaoine óga sin nach bhfuil laistigh den earnáil oideachais ná oiliúna, ná fostaithe, cuirtear lena bhféinmhuinín, tagann forbairt ar a n-uaillmhianta agus tacaítear le meon níos dearfaí i leith na foghlama nuair a ghlacann siad páirt i ndéanamh ceoil.[7]

Comhtháthú sóisialta, ionchuimsitheacht agus iompar sóisialta
Cabhraítear leis an duine mothúcháin ionchuimsitheachta sóisialta a bheith aige nuair a dhéanann sé ceol le grúpa[8], chomh maith le caoinfhulaingt a spreagadh agus eitic shóisialta a fhorbairt. Tá fianaise ann freisin go gcuireann déanamh ceoil le daoine eile le hiompar sóisialta dearfach, braistint muintearais, comharfhoghlaim, féiniúlacht ghrúpa, sealaíocht agus obair foirne[9].

Folláine
Tá níos mó aitheantais anois ann[10] ar na héifeachtaí tairbhiúla a bhíonn ag an gceol ar shláinte fhisiciúil agus ar fholláine an duine[11]. Tá déanamh ceoil in ann feabhas a chur le scileanna idirbheartaíochta, le hobair i gcomhar chomh maith le muinín a

chothú i gcomhghleacaithe. Tugann sé faoiseamh ó fhadhbanna, tacaíonn sé le cneasú agus tugann sé deis do dhaoine taitneamh a bhaint as.[12]

Na Foinsí a Ceadaíodh

[1] Strait, D.L. and N. Kraus, Biological impact of auditory expertise across the life span: musicians as a model of auditory learning. Hearing Research, 2013

[2] Strait, D., & Kraus, N. (2014). Biological impact of auditory expertise across the life-span: Musicians as a model of auditory learning. Hearing Research, 308, 109–121. aitheantóir oibiachta digití (doi): 10.1016/j.heares.2013.08.004

[3] Long, M. (2014). 'I can read further and there's more meaning while I read': An exploratory study investigating the impact of a rhythm-based music intervention on children's reading. Research Studies in Music Education, 36(1), 107–124. aitheantóir oibiachta digití (doi): 10.1177/1321103X14528453

[4] Roden, I., Grube, D., Bongard, S., & Kreutz, G. (2014). Does music training enhance working memory performance? Findings from a quasi-experimental longitudinal study. Psychology of Music, 42, 284–298. aitheantóir oibiachta digití (doi): 10.1177/0305735612471239

[5] Hetland, L. (2000). Learning to make music enhances spatial reasoning. Journal of Aesthetic Education, 34(3/4), Special Issue, The Arts and Academic Achievement: What the evidence shows (Autumn–Winter, 2000), 179–238. aitheantóir oibiachta digití (doi): 10.2307/3333643

[6] Rauscher, Shaw, Levine, Ky and Wright, "Music and Spatial Task Performance: A Causal Relationship," University of California, Irvine , 1994.

[7] Qa Research (2012). Young people not in education, employment or training (NEET) and music making. Londain: Youth Music.

[8] Rinta, T., Purves, R. Welch, G., Stadler Elmer, S., & Bissig, R. (2011). Connections between children's feelings of social inclusion and their musical backgrounds. Journal of Social Inclusion 2(2), 35–57.

[9] Creech, A., Gonzalez-Moreno, P., Lorenzino, L., & Waitman, G. (2013) El Sistema and Sistema-Inspired programmes: A literature review of research, evaluation and critical debates. Sistema Global: San Diego, California. Aisghafa ó http://sistemaglobal.org/literature-review/full/

[10] MacDonald, R., Kreutz, G., & Mitchell, L. (2012). Music, health and well-being. New York: Oxford University Press. aitheantóir oibiachta digití (doi): 10.1093/acprof:oso/9780199586974.001.0001

[11] Is iomaí sainmhíniú atá ar fholláine. Meastar go hiondúil go mbaineann sé le staid ina bhfuil an duine compordach, sláintiúil nó sona.

[12] Dillon, L. (2010). Looked after children and music making: An evidence review. Londain: Youth Music.